CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 2 Feabhra 2023

Déanann na hiniúchóirí machnamh ar an mBeartas Comhtháthaithe mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna

- ***Thug an tAontas isteach solúbthacht chun cistí comhtháthaithe nár caitheadh a chur ar fáil***
- ***Cuireadh €50.4 billiún ar fáil mar bhreisiú ar chistiú an bheartais chomhtháthaithe***
- ***D'fhéadfadh úsáid an bheartais comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna tionchar a bheith aige ar a phríomhchuspóir straitéiseach***

Chuir an Coimisiún a rialacha in oiriúint go tapa chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir le cistí an bheartais comhtháthaithe a úsáid mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Thug sé isteach acmhainní suntasacha nua freisin chun infheistíochtaí breise a mhaoiniú. Chuir na bearta sin leis an mbrú a bhí ann chun cistí AE a chaitheamh go tapa freisin, áfach, de réir tuarascáil nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tugann na hiniúchóirí ar aire maidir leis an mbeartas comhtháthaithe a úsáid arís is arís eile chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna, go bhféadadh sé go n-atreorófaí é óna phríomhsprioc straitéiseach chun éagothromaíochtaí maidir le forbairt i réigiúin éagsúla a laghdú.

Ó thús 2020, rinne an tAontas réimse leathan gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ag eascairt ó phaindéim COVID-19. Bhí ról ag an mbeartas comhtháthaithe sa fhreagairt sin, le freagairt tapa trí chéim lena ndearnadh na rialacha a leasú do chlárthréimhse 2014-2020. Níos lú ná dhá mhí tar éis thús na paindéime san Eoraip, ghlac an tAontas bearta reachtacha chun cistí nár caitheadh a shlógadh tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII) agus an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus (CRII+). Níos lú ná bliain ina dhiaidh, ghlac sé an Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU), le bheith mar ionstraim gearrthéarma agus meántéarma le haghaidh leigheas díobhála géarchéime agus gníomhaíocht téarnaimh.

"*D'éascaigh freagairt an Aontais úsáid Chistí chomhtháthaithe chun cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar chruachás eacnamaíoch a bhain le COVID-19, cé go bhféadfadh roinnt iarmhairtí atá fós ann a bheith ag dul in olcas mar thoradh air sin,*" arsa Iliana Ivanova, an Comhalta den Chúirt a bhí i gceannas ar an iniúchadh. "*Ar aon chuma, is gá dúinn measúnú an-chúramach a*

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

dhéanamh fós féachaint an é beartas comhtháthaithe an Aontais an uirlis bhuiséadach cheart le haghaidh freagairt ar ghéarchéimeanna."

Thug an dá tionscnamh freagartha ar an gCoróinvíreas isteach oiriúnuithe spriocdhírithe ar roinnt rialacha maidir leis an mbeartas comhtháthaithe lenar cuireadh leachtacht, solúbthacht agus simpliú ar fáil. Tháinig €50.4 billiún eile (a ndeachaidh níos mó ná leath de chuig an Spáinn agus an Iodáil) ó REACT-EU, atá le caitheamh faoi rogha na dtíortha laistigh de thréimhse ama an-ghearr (faoi dheireadh 2023). Mar thoradh air sin, bhí sé de thoradh ag REACT-EU 'cistiú idirthréimhseach' a chur ar fáil idir 2021 agus 2023, rud a chuir le moilleanna suntasacha ag tús chláir beartais comhtháthaithe 2021-2027. Tugann na hiniúchóirí rabhadh freisin, chomh maith le cur le deacrachtaí tráthrialta maidir le hairgead an Aontais a chaitheamh, go bhféadfadh brostú chun na hacmhainní atá ar fáil roimh dheireadh na tréimhse a bheith mar thoradh ar REACT-EU, agus go dtabharfaí neamhaird ar an luach ar airgead.

Bhí aistriú suntasach cistí mar thoradh ar solúbthachtaí aistrithe méadaithe: €35 bhilliún suas go dtí 31 Nollaig 2021. Fuair na hiniúchóirí amach gur aistríodh cistiú idir réimsí infheistíochta, chuig cúram sláinte (+80 %) agus tacaíocht ghnó (+16 %) go príomha, agus gur laghdaíodh an cistiú le haghaidh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, fuinneamh agus comhshaol, cuimsiú, taighde agus nuálaíocht. Aistríodh cistiú freisin i dtreo réigiúin níos forbartha agus réigiúin trasdula (€1.8 billiún). Tugann na hiniúchóirí ar aire freisin, cé go bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh REACT-EU 25 % dá imchlúdach airgeadais foriomlán i dtreo cuspóirí aeráide, nach dócha go gcomhlíonfar an méid sin.

Úsáideadh an beartas comhtháthaithe go minic chun freagairtí gearrthréimhseacha ar ghéarchéimeanna a chur ar fáil, agus tá roinnt mhaith de na modhnuithe a tugadh isteach chuige sin tagtha chun bheith ina ngnáth-ghnéithe den bheartas. Níl measúnú foirmiúil déanta ar thionchar fadtréimhseach na húsáide sin, áfach, mar a thugann na hiniúchóirí ar aire. Fágann rialacha nua do bheartas comhtháthaithe 2021-2027, ag tarraingt den chuid is mó ar na solúbthachtaí atá díreach tugtha isteach, go mbeidh sé níos éasca cistí comhtháthaithe a úsáid chun freagairt do theagmhais gan choinne. Mar thoradh air sin, tugann na hiniúchóirí le fios go bhfuil riosca ann: d'fhéadfadh úsáid leanúnach an bheartais chomhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna tionchar a bheith aici ar a phríomhsprioc straitéiseach éagothromaíochtaí idir réigiúin éagsúla san Eoraip a laghdú.

Faisnéis chúlra

Is é an beartas comhtháthaithe ceann de na réimsí beartais is mó atá i mbuiséad an Aontais, le leithdháileadh de €355 bhilliún do thréimhse 2014-2020. Is é an príomhaidhm atá leis ná comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach idir réigiúin a neartú.

Tá Tuarascáil speisialta 02/2023, 'Rialacha an bheartais comhtháthaithe a oiriúnú chun freagairt do COVID-19: Cistí á n-úsáid ar bhealach níos solúbtha, ach ní foláir machnamh a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna', ar fáil anois ar shuíomh gréasáin CIE.

Leanann an t-iniúchadh seo dhá thuairim maidir le CRII+ agus REACT-EU, chomh maith le hathbhreithniú ar na rioscaí, na dúshláin agus na deiseanna i bhfreagairt bheartas eacnamaíoch an Aontais do ghéarchéim COVID-19. Baintear leas ann freisin as tuarascáil speisialta a foilsíodh le déanaí maidir le cistiú feidhmíochtbhunaithe sa Bheartas comhtháthaithe agus anailís

chomparáideach a foilsíodh le déanaí ar ‘chistiú AE tríd an mbeartas comhtháthaithe agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta’.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu
— Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
— Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
— Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547